

## AN FIADHÚLRA

eolas ar an gcomhshaol

[www.enfo.ie](http://www.enfo.ie)



# Earc luachra (earc luachra beobhreitheach)

## Lacerta (Zootoca) vivipara

### Cur Síos Fisiciúil

Go hiondúil bíonn Earca Luachra idir 10cm agus 16cm ar fhad ach is féidir leo fás chomh fada le 18cm ar fhad. Bíonn coirp fhada acu, cosa gearra agus eireaball fada, bunchaolaithe. Bíonn gainní garbha ar a ndroim agus d'fhéadfadh dath liath, donn, cré-umha nó glas a bheith orthu. Go hiondúil bíonn na hEarca Luachra fireanna níos dorcha ná na hEarca Luachra baineanna. Bíonn sraith de spotaí bána ar na cliatháin acu a nascann le chéile agus a chruthaíonn líne. Bíonn líne dhubh ar dhroim na nEarc Luachra agus bíonn roinnt spotaí dubha scaipthe timpeall ar a gcoirp chomh maith. Usáidtear pátrún agus dáileadh na spotaí seo chun Earc Luachra ar leith a aithint, go mór mór na spotaí in aice le leath deiridh an ainmhí.

### Ag Cur Gnéas ar an Earc Luachra


Bíonn dath buí nó oráiste ar an taobh thíos de na hEarca Luachra fireanna de gnáth ach is féidir leis a bheith flanndearg agus clúdaithe go dlúth le spotaí dubha. Bíonn dath buí, liath nó scothghlas agus, ó am go chéile, oráiste ar an dtaobh thíos de na hEarca Luachra baineanna. Ní mórán spotaí a bhíonn orthu agus uaireanta ní

bhíonn spotaí ar bith ar na hEarca Luachra baineanna. Is féidir Earc Luachra baineann atá torrach a phiocadh amach go héasca ó tharla go mbreathnaíonn siad toirtiúil. Níor cheart cur isteach orthu nó aon strus a chur orthu ar fhaitíos go ndéanfar dochar do na hÓga nár rugadh fós.

### Dáileadh ar fud an Domhain

Síneann dáileadh na nEarc Luachra trasna lár agus tuaisceart na hEorpa (gan cheantar an Meánmhuir san áireamh) agus ar

aghaidh go dtí tuaisceart na hÁise. Tá sé ar an dáileadh reptíl is leithne san Leathsféar Thuaidh. Ábhar íontais is ea nach bhfuil aon reptíl eile le fáil in Éirinn agus déantar go leor díospóireacht ar conas a ndearna na veirteabraigh ghainniúla seo coilíniú ar an oileán. Ba dhóigh duine gurbh é an bealach ab éasca acu ná thar dhroichead talún ó Shasana nó ó dheisceart na hEorpa. Cibé scéal é ní fios cé as a dtáinig an daonra bunaitheora seo agus caithfear na sonraí maidir le meicníocht agus am an coilínithe seo a shocrú go fóill. Faoi láthair tá bunachar sonraí



**Figúir 1:** An tEarc Luachra, *Lacerta vivipara*. Beidh na hEarca Luachra torracha ag breathnú mór agus feicfear iad ag tabhairt bolg le gréine go minic ar laethanta brothallacha. Is féidir athghiniú a dhéanamh ar eireabail atá in easnamh ach beidh uigeacht agus dath difriúil orthu seachas an chuid eile den chorp.

géiniteach mór ó dhaonraí na n-earc luachra san Eoraip, le go leor obair déanta ag eolaithe na Fraince ach go háirithe. Táthar ag súil gur gearr go ndéanfar a leithéid d'íarracht maidir leis an daonra Éireannacha. Ba cheart go dtabharfadh sé seo roinnt eolais dhúinn ar cén uair ar dearnadh an coilíniú, agus tuiscint dúinn ar bhunús ár spéicis dúchasaigh Éireannaigh.

### Áiteacha le Cuardach in Éireann

Tá dáileadh leathan d'Earcra Luachra ar fud na hÉireann. Tá taifead déanta orthu i réimse gnáthóga, mar shampla coillearnach, riasca, ceantair fhraochach, portaigh, dumhcha, sceacha agus fiú gairdíní. Go ginearálta, is leor mar áit chónaithe do na hEarcra Luachra aon áit gur féidir leo bolg le gréine a dhéanamh (cosúil le carraigeacha, gainneamh frithchaiteach agus rl.) agus áit a bheadh áisiúil mar bhealach éalaithe tapaigh chun clúdach a fháil. Maireann Earca Luachra le chéile agus go hiondúil déanann said cosaint ar cheantar gnáthóga a bhfuil na tréithe thuasluaite aige. San Earrach tugann na hEarcra Luachra fireanna agus bainearna bolg le gréine chun teas na gréine a shú isteach. Níos déanaí sa Samhradh ní fheictear ach na hEarcra Luachra bainearna torracha ag tabhairt bolg le gréine. Go minic usáidfidh said cloch, lomán nó

dosóg féarach chun iad féin a chlúdach agus iad ag tabhairt bolg le gréine. Má chuirtear isteach ar na hEarcra Luachra agus iad ag tabhairt bolg le gréine fillfidh siad go dtí an spota is ansa leo go gairid ina dhiaidh sin.

### Ar an mBiachlár

De ghnáth téann na hEarcra Luachra sa tóir ar aon inveirteabraigh bheaga gur féidir leo breith orthu agus an lámh in airde a fháil orthu, mar shampla feithidí, damháin alla, seilidí agus péist talún. Tagann siad aniar aduaidh ar a gcuid creach agus croitheann ina mbéal é. Ansin sloigeann siad siar é ina iomlán.


### Iompar

Murab ionann éin agus mamaigh tá reptílí eicteateirmeach, rud a chiallaíonn nach bhfuil aon chóras inmheánach rialaithe teochta acu. Dá bhrí sin braitheann a dteocht inmheánach ar thréithe a dtimpeallachta agus ar phatrúin a n-iompar. Nuair a bhíonn siad ró-fhuar téann siad amach faoin ngrian agus má bhíonn siad ró-the aimsíonn siad scáth. Tá córais speisialta fuileadain (*rete mirabile*) ag na hEarcra Luachra. Sa chóras seo tá féitheanna a iompraíonn fuil te ón gcaiceann agus téann siad i ngiorracht d'artairí fuarfhuilteacha a thosaíonn ag an gcroí. Ar an mbealach seo, caomhnaítear teas an choirp mar go n-aistrítear teas

trasna an mogail fuileadán.

Ar laethanta grianmhara is gnách go bhfaightear na hEarcra Luachra ina luí amuigh faoin ngrian, ar maidin nó sa tráthnóna ach ní i lár an lae, mar go bhfuil an baol ann go n-éireoidh said ró-the. Tar éis dóibh fuarú thar oíche ní mór dóibh teocht a gcoirp a mhéadú go dtí 30 céim Celsius (86 céim Fahrenheit) sular féidir leo dul ag fiach i gceart. De bhrí go mbraitheann Earca Luachra ar theas na gréine chun feidhmiú (tréith ar a dtugtar héileateirmeach) ní mór dóibh geimhriú a dhéanamh in Éirinn. Straitéis eile a chleachtann na hEarcra Luachra chun teas a dhíorthú óna dtimpeallacht ná taigmeateirmí, straitéis trína ndíorthaítear teocht coirp trí theangmháil a dhéanamh le dromchlaí teo (m.sh. carraigeacha, lomáin agus rl.).

Imíonn siad as radharc thart ar Mhí Deireadh Fómhar agus déanann siad geimhriú go dtí Mí Márta. Is minic go ndéantar an geimhriú i ngrúpaí agus scaití thioctaidís amach le linn tréimhsí níos teo. Bunaíonn na hEarcra Luachra fireanna ceantar porúcháin nuair a dhúisíonn siad san Earrach agus déanann siad cosaint ghéar air i gcoinne Earc Luachra fireann eile. Tarlaíonn porúcháin ó Mhárta go Bealtaine. Tá na hEarc Luachra beobhreitheach rud a chiallaíonn go bhforbraíonn na hEarcra Luachra óga istigh sa scannán uibhe taobh isigh de chorp na nEarc Luachra bainearna.



Figiúr 2: Ttosaíochtaí gnáthóga atá ag an Earc Luachra. Tógtha as Suirbhé na nEarc Luachra 2004 a rinne Iontaobhas Dúlra na hÉireann (nach bhfuil foilsithe). Is as suirbhé a tógadh na torthaí seo agus níl iontu ach tásc ar an gcineál gnáthóige a mbaineann Earc Luachra leo.

### Porúchán agus Atáirgeadh

Déanann na hEarcra Luachra fireanna cosaint ar a gcuid ceantar porúcháin i gcoinne Earc Luachra fireann eile tar éis dóibh dúiseacht ón ngeimhriú. Cúirtéireacht sách spleódrach a bhíonn i gceist ó tharla go mbeireann an Earc Luachra fireann greim ina ghiall ar cheann an Eirc Luachra bhaininn. Ansin déantar cúpláil cúpla uair. Tugann an Earc Luachra bainearna bolg le gréine go minic le linn na tréimhse iompair a mhaireann ar feadh trí mhí. Cabhraíonn sé seo le forbairt na n-uibheacha. D'fhéadfadh siad fanacht taobh istigh den scannán uibhe ar feadh cúpla lá sula mbriseann siad amach (usáideann siad a gcoigine in áit faicail-uibhe chun an scannán a bhriseadh). Ar an mbealach seo briseann na hEarcra



Luachra óga amach as an ubh agus iad fós i mbroinn a máthar. Rugtar iad ansin mar reiptílí saorbheathacha. Is éasca botún a dhéanamh agus a rá gur cineál beobhreith atá ann cosúil lena dtarlaíonn le mamaigh phlacainteacha. Forbraíonn na hEarca Luachra óga istigh in uibheacha cosúil le reiptílí eile ceart go leor ach is é go bhfuil na h-uibheacha sin istigh sa máthair. Is dá bharr seo go n-úsáidtear an t-ainm "beobreitheach" scaití, de bhri go gciallaíonn sé go mbeirtear an t-ál beo seachas uibheacha a bhreith. Ceaptar gur eascair an tréith seo de réir mar a chuathas in oiriúint don saol i réigiúnacha fuara na hEorpa agus na hÁise. Díol tacaíochta don teoiric seo is ea go bhfuil sé tugtha faoi deara gur amhlaidh go mbeireann an daonra *Lacerta* i réigiúnacha teo de chuid Deisceart na Fraince uibheacha. Beirtear ál a bhfuil 3-12 ceanna óga ann idir na míonna Meitheamh go Meán Fómhair. Tar éis na tréimhse seo ní thugann an mháthair a thuilleadh cúraim dóibh. Tosaíonn an dream óg ag ithe go gníomhach ó rugtar iad agus is gearr go scaipeann siad. Tagann earc luachra fireann in inmhe go gnéasach ag aois 2 bhliain agus an t-earc luachra bainneann ag thart ar 3 bliana d'aois.

## Creachadóirí agus Peataí

Is féidir le creachadóirí móra earca a mharú ach de bharr nach mbíonn siad gníomhach ach i rith an lae is annamh leo dul i ngleic le creachadóirí oíche cosúil le sionnaigh agus le broic. Maraíonn éin chreiche iad (is iondúil go mbeathaíonn an pocaire gaothe é féin cuid mhór ar earca luachra), agus maróidh easóga agus minceanna iad aon uair gur féidir.

Fadhb mhór do na hearca is ea na cait tí, go mór mór go luath sa lá sula mbaineann siad lán a dteochta oibriúcháin amach. Nuair an bhíonn reiptílí fuar bíonn spadánta agus ní haon nath é mar chreach ag neach féilíneach fiosrach é.

Mar chúiteamh ar an éagothromaíocht tá bealach iontach éalaithe ag earca luachra a ligeann dóibh ealú ó chreachadóirí. Má bheirtear ar eireaball s'aige is féidir le hearc scaradh le híchtar an eireabaill agus an creachadóir mearbhlach a fhágáil leis an sciotán ag croitheadh ina ghlaic fad is go n-ealaíonn an t-earc leis. Má thagann an t-earc slán ón

ngábh is gearr go bhfasaidh eireaball úr air.

## Cad leis a bhfuil sé cosúil?

Scaití is féidir earca luachra a thógáil in araíocht an t-aon speiceas dúchasach d'earc atá againn, mar atá, an t-earc sléibhe mín, *Triturus vulgaris*. Neach amfaibiach é an t-earc sléibhe seo agus bogann sé go mall i gcónaí ar thalamh. I rith an lae téann sé i bhfolach i bhféarach tiubh nó faoi shail adhmaid agus is ar éigean go mbogfadh sé má chuirtear isteach air. Súnn an t-earc luachra an ghrian ar thalamh oscailte le linn na míonna teo agus bogann siad go sciobtha. Le linn na míonna fuara bogann an t-earc luachra go mall freisin ach má dhéantar grinnschrúdú air feictear go bhfuil gainní air murab ionann agus an t-earc sléibhe ag a bhfuil craiceann bog mín nó craiceann faithneach. Má fheiceann tú neach den déanamh seo ag snámh i linn is é is dóichí ná a mhalairt gur earc sléibhe atá ann.

## Stádas Caomhnaithe

Faightear an t-earc luachra go forleathan agus ní mheastar a bheith in gcontúirt éaga. Mar sin féin, de réir staidéar a rinneadh le déanaí ar dhaonra amfaibiach agus reiptílí na hEorpa tugtar le fios go bhfuil titim tagtha ar dhlús an daonra le blianta beaga anuas de bharr bagairtí nádúrtha agus bagairtí de dhéantús an duine. Ní fios cad é stádas an Eirc Luachra in Éirinn faoi láthair. Níor dearnadh ach fíorbheagán iarrachtai taighde ó na 1980 i leith. De bharr suirbhé náisiúnta a rinneadh ar an ngnáthphobal sna 1990 luatha, agus ceann níos déanaí a rinneadh ó 2004 i leith, tá pictiúr gan a bheith cruinn againn de dháileadh na n-earc luachra in Éirinn. Cuireadh na figiúirí as a riocht mar gheall ar an líon ard freagraí a fuarthas ó shiúlóirí agus ó dhíograiseoirí fiadhúlra, daoine gur dóichí go mór go bhfeicfidís a leithéad agus tuairisc a dhéanamh dá réir. Fágann an claonadh dealraitheach seo go bhfuil dáileadh aitheanta an eirc luachra á chur i dtreo cheantair inrochtana áilleachta a ghnáthaíonn an pobal.

Teastaíonn a thuilleadh taighde eolaíoch d'fhonn stádas an t-aon reiptíl sa tír a dheimhniú agus chun a fháil amach an bhfuil straitéisí caomhnaithe ar leith de dhíth má táthar le daonra sláintiúil Éireannach a choinneáil. Le blianta beaga anuas tá níos mó spéise léirithe ag daoine an speiceas a scrúdú agus tá moltaí ag deireadh an ailt seo maidir leis an gcaoi gur féidir libhse, an pobal, cion luachmhar a chur lenár stór eolais faoin reiptíl sheachantach seo.

## Earca agus an Dlí

Siocair gurb é an tEarc Luachra, *lacerta vivipara*, an t-aon speiceas dúchasach reiptíle sa tír agus gur chomhpháirt thábhachtach de bhithéagsúlacht na n-oileán é, tá cosaint dlí aige i gcoinne an tsuaite mhailísigh, an dochair nó na gabhála. Ainmhithe áille de chuid na tuaithe is ea iad agus is féidir le duine ar bith breathnú orthu gan stró. Ní féidir leithscéal a dhéanamh, áfach, faoi éinne a mharóidh earca, nó a dhéanfadh iad a fhiach nó a chuirfeadh isteach orthu d'aon ghnó. Má iompaíonn tú carraig agus má fheiceann tú earc luachra ort go spadánta thíos faoi iarrrtar beag gan bacadh leis ionas nach mbainfí den tuath in aon chor.

## Cén cúnamh ar féidir a thabhairt?

Tá suirbhé náisiúnta ar siúl ag an Iontaobhas Dúlra na hÉireann (IDÉ) faoi láthair agus táthar ag iarraidh ar an bpobal taifead a dhéanamh aon uair go bhfeictear an t-earc luachra agus tuairisc a chur faoi bhráid an Iontaobhais. Má chonaic tú earc le déanaí agus más mian leat cúnamh a thabhairt tá cóip d'fhoirm thaifid an IDÉ ar chúl an ailt seo. Seoltar foirmeacha taifid comhlánaithe ar aghaidh chuig Sigmund Business Centre, 93A Bóthar Lagan, Éastát Tionscaíoch Bhaile Átha Cliath, Glas Naíon, Baile Átha Cliath 11. Nó is féidir an fhoirm shuirbhé agus an t-eolas a chóipeáil anuas ó láithreán gréasáin an IDÉ (féach tagairt).

**Tagairtí**

Tionscadal na nEarc de chuid Iontaobhas Dúlra na hÉireann

Láithreán://www.iwt.ie/lizards1.php

**Seoladh poist do na foirmeacha taifid:**

Sigmund Business Centre,  
93A Bóthar Lagan,  
Eastát Tionsclaíoch Bhaile Átha Cliath,  
Glas Naíon,  
Baile Átha Cliath 11

**Leitheoireacht Bhreise**

Marnell, F. *The distribution and habitat of the common lizard, Lacerta vivipara* Jacquin, in Ireland. Lch. 75-82. Irish Biogeographical Society. Volume 26, Dec 2002.

Foster, J.& Gent, T. *Reptile survey Methods: proceedings of a seminar held on 7 November 1995 at the Zoological Society of London's meeting rooms, Regents Park, London.* English Nature Science, No. 27 ( is féidir é a aimsiú ag <http://www.english-nature.org.uk>)

English Nature (1999): *Facts About Reptiles.* English Nature, Peterborough.

JNCC (1995) *A Framework for the Conservation of Amphibians and Reptiles in the UK: 1994-1999.* JNCC Peterborough.

Cambell, N. *Biology*, 4th ed. Lch 643-46 (Earc Luachra ginearálta) & Lch 902-3 (rialú teochta). Benjamin/Cummings Publishing.

Corn, P.S. & Bury, B.R. (1990) *Sampling methods for terrestrial amphibians and reptiles.* U.S. Dept of Agriculture, General Technical Report.

BBC – Science & Nature Wildfacts: *The Common Lizard* <http://www.bbc.co.uk/nature/wildfacts/factfiles/282.shtml>

Laloi et al (2004). *Multiple paternity in Lacerta vivipara.* Herpetological Review. 35(3): 219.

ARKive - *Images of life on Earth.* [http://www.arkive.org/species/ARK/reptiles/Lacerta\\_vivipara/](http://www.arkive.org/species/ARK/reptiles/Lacerta_vivipara/)

Reptiles and Amphibians of the UK (RAUK) [http://www.herpetofauna.co.uk/common\\_lizard.htm](http://www.herpetofauna.co.uk/common_lizard.htm)

*D'ullmhaigh Michael Curran agus Sean Fagan an téacs seo. Tá siad beirt tar éis céim san eolaíocht a bhaint amach in Ollscoil Bhaile Átha Cliath le déanaí. Tá siad anois ag obair le hOllscoil Bhaile Átha Cliath agus le Iontaobhas Dúlra na hÉireann faoi seach ar thionscnamh nua a bhaineann le dáileadh Lacerta vivipara in Éirinn. Is féidir le aon duine le ceisteanna, aon duine a fheiceann Earc Luachra nó aon duine le eolas áitiúil dul i dteangmháil leo ag [lizards@iwt.ie](mailto:lizards@iwt.ie)*



**SUIRBHÉ NÁISIÚNTA NA nEARC LUACHRA IN ÉIRINN**  
(*Lacerta vivipara*)

Ainm an suirbhéara:	Nóta: Tá na sonraí aitheanta agus treoracha ar chúl. Léigh go cúramach le do thoil.
Seoladh	Nuair atá an fhoirm líonta seol chuig: Suirbhé Náisiúnta na nEarc Luachra Sigmund Business Centre 93A Bóthar Lagan, Eastát Tionsclaíoch Bhaile Átha Cliath, Glas Naíon, Baile Átha Cliath 11. Nó Ríomhphost: <a href="mailto:Lizards@iwt.ie">Lizards@iwt.ie</a>
Uimhir ghutháin	
Ríomhphost:	
<b>SONRAÍ AN RADHAIRC</b>	
Dáta:	Tagairt eangaí:
Contae, dúiche:	*CSD más féidir
	Airde (go neasach):

**COINNOLLACHA AIMSIRE**

Ám den lá:	Cur síos ar an aimsir:
Nóta: Cur síos ag an ám a fathas an tEarc Luachra.	

**SONRAÍ GNÁTHGA**

Cur síos ar an ngnáthóg:	Meastóireacht ghnáthóige agus Iompar na nEarc Luachra: m.sh. bolg le gréine, beathú
Tionchar Daonna:	

Nóta: Líon an fhoirm chomh cruinn agus is féidir le do thoil. Cuir isteach, pé áit gur féidir, taifead anhaire, mar shampla griangraifeanna. \*Tá CSD nó Córas Suite Domhanda mar ghné ar roinnt gutháin póca. Is féidir rianú cruinn a dhéanamh nuair a fheictear Earc Luachra, má dhéantar an CSD a sheiceáil agus a thairfeadh ag an suíomh breathnadóireachta.



Arna eisiúint ag:  
ENFO - Seirbhís Eolais an Chomhshaoil  
17 Sráid Naomh Aindrias,  
Baile Átha Cliath 2, Éire

Teil: (01) 8883910  
Lóghlaoch: 1890 200191  
Faics: (01) 888 3946  
r-phost: [info@enfo.ie](mailto:info@enfo.ie)  
[www.enfo.ie](http://www.enfo.ie)

*Scríobh chuig nó tabhair cuairt ar ár nIonad ag an seoladh thuas nó féadfaid tú na seastáin eolais ENFO ag Óifig d'Údaráis Áitiúil/Leabharlaine Contae a sheiceáil amach.*

*Seirbhís phoiblí saor in aisce is ea ENFO leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil.*

Printed by Print and Promotions.  
Tel: 087 2567205  
Arna phriontáil ar pháipéar athchúrsáilte Márta 2004

